Réamhaisnéis na hAimsire

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar réamhaisnéis na haimsire ar ball.
An gcuireann aimsir na hÉireann isteach ort?
Dá mbeadh rogha agat, an mb'fhearr leat cónaí in Éirinn nó i dtír teo?
Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an tábla thíos. Ansin abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach.

	Inné	Inniu	Amárach
Tuaisceart			
Deisceart			
Iarthar			
Oirthear			

1. Beidh sé ag cur sneachta sa deisceart amárach. **Fíor/Bréagach**

2. Bhí sé grianmhar san oirthear inné. **Fíor/Bréagach**

3. Tá sé ag cur báistí sa tuaisceart inniu. **Fíor/Bréagach**

4. Tá sé grianmhar sa deisceart inniu. **Fíor/Bréagach**

5. Beidh sé grianmhar sa tuaisceart amárach. **Fíor/Bréagach**

6. Bhí sé ag cur báistí san iarthar inné. **Fíor/Bréagach**

7. Bhí sneachta san oirthear inné. **Fíor/Bréagach**

8. Beidh báisteach san oirthear amárach. **Fíor/Bréagach**

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus líon isteach na bearnaí leis na téarma atá sa *chló iodálach* thíos.

‘Sea, caithfidh muid súil an-tapa anois arís ar an _____ atá tuartha i gcomhair na hoíche _____ agus i gcomhair an lae amáraigh. Roimhe sin ar fad, bhí sé lofa, salach, gránna sa taobh seo tíre i mBaile na __ inniu. _____ troma báistí agus an ghaoth ag séideadh go láidir le crios aimsire ag bogadh soir trasna na tíre ansin ó _____ agus é ag bogadh fós ansin le cósta an Oirthir isteach san oíche ach é ag glanadh go deas, na scamaill briste go maith, ceathanna éadroma, sin uile, tuartha timpeall ar Chúige _____ agus ó thuaidh i gCúige Uladh. Ceantar lagbhrú i gceannas na haimsire arís amárach, réasúnta ___ __ ó cheann ceann na _____, na scamaill ag briseadh agus an ghrian ag teacht amach i gcaitheamh an lae chomh maith.

hAbhann, tíre, Chonnacht, mhaidin, ceathanna, aimsir, scamallach, anocht

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén sórt aimsir a bhí i mBaile na hAbhann inniu?
2. Cén treo atá an crios aimsire ag taisteal?
3. An mbeidh sé gaofar amárach?
4. Cén sórt aimsire a bheidh acu i gCúige Chonnacht ar maidin?
5. Cén sórt aimsire a bheidh i gCúige Uladh?
6. Cad a bheidh i gceannas na haimsire amárach?

Ceist 5 " ***bhí*** sé lofa, salach, gránna sa taobh seo tíre"

Cén cineál briathair é seo?
Cén aimsir ina bhfuil sé?

Anois cuir na briathra idir lúibíní san aimsir chaite.

1. (Abair) mé le Séan nach mbeadh mé ann ar a hocht a chlog.
2. (Feic) mé Éilís inné ar feadh cúpla nóiméad.
3. (Faigh) mé litir sa phost ar maidin.
4. (Téigh) mé chuig an linn snámha gan aon tuáille liom.
5. (Bí) Mairéad dána inné sa rang. Tá sí go maith inniu.
6. (Déan) Áine Máire cúrsa i mBaile Átha Cliath anuraidh.
7. (Beir) na Gardaí ar na gadaithe a ghoid an t-airgead.
8. (Clois) Tomás torann taobh amuigh den fhuinneog aréir.
9. (Ith) Síle bia Indiach agus bhí pian ina bolg.
10. (Tabhair) Laoise a leabhar dom ar iasacht.
11. (Tar) Nóirín abhaile óna cuid laethanta saoire inné.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil an aimsir tábhachtach duitse?
Cé na daoine a bhraitheann ar an aimsir?
Cén cineál aimsire is fearr leat féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1=Fíor
2=Bréagach
3=Fíor
4=Fíor
5=Bréagach
6=Fíor
7=Fíor
8= Bréagach

Ceist 3 ‘Sea, caithfidh muid súil an-tapa anois arís ar an **aimsir** atá tuartha i gcomhair na hoíche **anocht** agus i gcomhair an lae amáraigh. Roimhe sin ar fad, bhí sé lofa, salach, gránna sa taobh seo tíre i mBaile na **hAbhann** inniu. **Ceathanna** troma báistí agus an ghaoth ag séideadh go láidir le crios aimsire ag bogadh soir trasna na tíre ansin ó **mhaidin** agus é ag bogadh fós ansin le cósta an Oirthir isteach san oíche ach é ag glanadh go deas, na scamaill briste go maith, ceathanna éadroma, sin uile, tuartha timpeall ar Chúige **Chonnacht** agus ó thuaidh i gCúige Uladh. Ceantar lagbhrú i gceannas na haimsire arís amárach, réasúnta **scamallach** ó cheann ceann na **tíre**, na scamaill ag briseadh agus an ghrian ag teacht amach i gcaitheamh an lae chomh maith.

Ceist 4

1. Bhí sé lofa, salach, gránna i mBaile na hAbhann inniu.
2. Tá sé ag bogadh soir.
3. Ní bheidh sé gaofar amárach.
4. Beidh sé go deas ar maidin i gCúige Chonnacht.
5. Beidh ceathanna éadroma i gCúige Uladh.
6. Beidh ceantar lagbhrú i gceannas na haimsire amárach.

Ceist 5 Briathar **neamhrialta** atá ann.
Tá sé san **aimsir chaite**.

1. **Dúirt** mé le Séan nach mbeadh mé ann ar a hocht a chlog.
2. **Chonaic** mé Éilís inné ar feadh cúpla nóiméad.
3. **Fuair** mé litir sa phost ar maidin.
4. **Chuaigh** mé chuig an linn snámha gan aon tuáille liom.
5. **Bhí** Mairéad dána sa rang inné. Tá sí go maith inniu.
6. **Rinne** Áine Máire cúrsa i mBaile Átha Cliath anuraidh.
7. **Rug** na Gardaí ar na gadaithe a ghoid an t-airgead.
8 **Chuala** Tomás torann taobh amuigh den fhuinneog aréir.
9. **D'ith** Síle bia Indiach agus bhí pian ina bolg.
10 **Thug** Laoise a leabhar dom ar iasacht.
11. **Tháinig** Nóirín abhaile óna cuid laethanta saoire inné.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Daithí Ó Sé

'Sea, caithfidh muid súil an-tapa[1] anois arís ar an aimsir atá tuartha i gcomhair na hoíche anocht agus i gcomhair an lae amáraigh. Roimhe sin ar fad, bhí sé lofa, salach, gránna sa taobh seo tíre i mBaile na hAbhann inniu. Ceathanna troma báistí agus an ghaoth ag séideadh go láidir le crios aimsire ag bogadh soir trasna na tíre ansin[2] ó mhaidin agus é ag bogadh fós ansin le cósta an Oirthir isteach san oíche ach é ag glanadh go deas. Na scamaill briste go maith, ceathanna éadroma, sin uile, tuartha timpeall ar Chúige Chonnacht agus ó thuaidh i gCúige Uladh. Ceantar lagbhrú i gceannas na haimsire arís amárach, réasúnta scamallach ó cheann ceann na tíre, na scamaill ag briseadh agus an ghrian ag teacht amach i gcaitheamh an lae chomh maith. Cúpla scráib báistí, iad éadrom go maith, más ea, i gcaitheamh an lae amáraigh chomh maith.

Leoithne deasa gaoithe ag séideadh thar oíche anocht, an teocht idir cúig chéim agus naoi gcéim Celsius leis an fharraige réasúnta suaite le cósta an Iarthair. Arís amárach gan puinn gaoithe ag séideadh, leoithne, sin uile, amach ó chósta an Oirdheiscirt. An teocht is airde amárach thart ar aon chéim déag Celsius, ábhairín níos fuaire ansin istigh i lár na tíre. Ag a hocht a chlog ar maidin beidh sé go deas timpeall ar Chúige Mumhan, é go deas timpeall ar Chúige Laighean chomh maith. Fuar i mbolg na tíre, an teocht thart ar cheithre chéim Celsius. Ceathanna éadroma fánacha báistí i nDún na nGall ar dtús agus ansin ag bogadh soir trasna Chúige Uladh ansin isteach sa mhaidin. Ceathanna éadroma sa taobh seo tíre i gCúige Chonnacht chomh maith. Ceathanna troma gránna báistí inár dteannta Dé Céadaoin agus arís ansin Déardaoin, an ghaoth ag séideadh go láidir Dé Céadaoin, Déardaoin agus arís ansin ar an Aoine.

Sin a bhfuil ó thaobh na haimsire go fóill anseo ar TG4 ach fanaigí linn, Páidí inár dteannta le 'Luach ár Linne' agus é ag díriú isteach ar chúrsaí sláinte i ndiaidh na bhfógraí seo.

[1] Ana-thapa a deirtear sa mhír
[2] Ansan a deirtear sa mhír